



**An tOireachtas**  
GRÉASÁN NA nGAEL



A Chara,

Táim ag scríobh chugat maidir le hOíche Chultúir a bheidh ar siúl ar an **Aoine 21 Meán Fómhair 2018, ó 4pm go 11pm**, agus an iarracht atá ar bun againn cur le himeachtaí Gaeilge (taobh amuigh den Ghaeltacht) le linn na hOíche. Ó thosaigh muid ag plé leis seo dhá bhliain ó shin, tá méadú suntasach tagtha ar líon na n-imeachtaí Gaeilge le linn na hOíche, ó 86 i 2016 go **130 i 2017** ! Ní fhéadfaimis sin a dhéanamh gan comhpháirtíocht ó na heagrais Gaeilge thart timpeall na tíre.

Freastalaíonn thart ar 350,000 duine ar imeachtaí cultúir, oidhreacht agus ealaíon saor in aisce le linn Oíche Chultúir. Is deis í seo do ghrúpa/scoil a chur chun cinn, baill nua a mhealladh, aird a tharraingt ar bhur n-imeachtaí agus tuilleadh cairdis a chothú leis an bpobal.

Ar mhaithe leis sin, tá pacáiste tacaíochta á chur ar fáil againn d'aon ghrúpa a bheidh sásta imeacht cultúir, ealaíon nó oidhreacht **a reáchtáil trí mheán na Gaeilge** ar Oíche Chultúir. (Tabhair faoi deara nach féidir aon táille ar ghearradh ar dhaoine a bheidh páirteach nó a bheidh ag freastal ar imeachtaí na hoíche.) Ba chóir go dtabharfaidh an imeacht deis do chainteoirí Gaeilge níos mó úsáidte a bhaint as an nGaeilge.

#### **Pacáiste Tacaíochta d'Oíche Chultúir:**

- Póstaeir le spás do shonraí an imeachta
- Maoiniú airgid (**uasmhéid €200, ach i gcásanna eisceachtúla**) le costais an imeachta a chlúdach (ag braith ar mhaoiniú ón Roinn)
- Poiblíocht san meán shóisialta, Gaeilge, náisiúnta agus áitiúla

#### **Samplaí d'imeachtaí gur féidir a reáchtáil d'Oíche Chultúir:**

- Seoltaí (Leabhair, scannáin, taispeántais)
- Taispeántais (Ealaíon, Ceoil, Damhsa, Amhránaíochta)
- Ceardlanna
- Cainteanna
- Seónna (Ceoil, drámaíochta)
- Turais

**Le leas a bhaint as an bpacáiste seo, caithfear sonraí an imeachta/na n-imeachtaí atá i gceist agat a reáchtáil a chlárú ar an bhfoirm thíos, agus má tá tú ag iarraidh iarratas a dhéanamh ar an gciste airgid, caithfear sonraí measta costais a thabhairt freisin. Caithfear an fhoirm comhlánaithe a chur ar rphost chuig Oireachtas na Gaeilge ag [majella@antoireachtas.ie](mailto:majella@antoireachtas.ie) faoi 5pm ar an Aoine 29 Meitheamh 2018, le bheith áirithe ar an gclár imeachtaí.**

Is deis iontach í Oíche Chultúir aird a tharraingt ar na gníomhaíochtaí a bhíonn ar bun ag na heagrais Gaeilge agus mholfaí duit leas a bhaint as an deis seo agus as an bpacáiste tacaíochta atá á chur ar fáil. Má tá aon cheist agat faoi seo, ná bíodh aon drogall ort dul i dteagmháil liom ag **087 9776852**.

Le dea-mhéin,

**Majella Ní Chríocháin**

Oifigeach Imeachtaí & Forbairt Freastail



## *Foirm Chlárúcháin d'Oíche Chultúir*

### *Ainm an Eagrais*

Foilseofar seo in ábhar poiblíochta na hOíche

### *Seoladh an eagrais*

Foilseofar seo in ábhar poiblíochta na hOíche

### *Sráid*

### *Baile/Cathair*

### *Cúige*

### *Postchód*

### *Suíomh idirlín an Ionaid*

Tabhair URL, mar shampla <http://www.culturenight.ie>

### **GOOGLE MAPS LOCATION URL**

### *Uimhir fón poiblí*

Foilseofar seo in ábhar poiblíochta na hOíche

### **Teagmhálaí:**

Ainm/Sloinne:

Rphost

Fón

Fón soghluaiste

Láthair an imeachta/lonad:

**Teideal agus cur síos ar an imeacht - don bhróisiúr**

Uasmhéid 50 focal. Tabhair mionsonraithe an imeachta, le do thoil.

**Uaireanta oscailte/dúnta ar Oíche Chultúir**

Beidh an Oíche féin ar siúl ó 4pm go 11pm

**Tuilleadh eolais faoin imeacht, don suíomh idirlín**

Uasmhéid 100 focal

**Sonraí na réimsí ealaíon a bheidh ar an gclár:**

Cuir tic leis na réimsí ábhartha:

Ealaíon agus ceardaíocht  Damhsa  Scannán  Oidhreacht  Litríocht  Ceol

Na hAmharc-ealaíona  Caint  Turas  Drámaíocht  Eile: (Sonraí, le do thoil)

Imeachtaí feiliúnach do ghasúir/do dhaoine óga? Tá  Níl

**Áiseanna ar fáil san Ionad:**

Oiriúnach do chathaoireacha rothaí Tá  Níl

Café Tá  Níl

Beár Tá  Níl

Bialann Tá  Níl

**Uaslódáil íomhá - Teastaíonn íomhá maith, íosmhéid 500kb, uasmhéid 4MB!**

Is féidir uasmhéid 3 íomhá a cheangal leis seo le d'imeacht a chur chun cinn (png, jpg, jpeg)

**Eolas Margálachta**

**Leathanach FACEBOOK**

URL, mar shampla <http://www.facebook.com/culturenight>

## TWITTER

URL, mar shampla <http://twitter.com/CultureNight>

## INSTAGRAM

URL, mar shampla <http://instagram.com/CultureNight/>

**An féidir ábhar margáochta a sheachadadh chuig an seoladh thuas?**

Is féidir  **Mura féidir, tabhair sonraí seoladh eile le do thoil:**

### CISTE TACAÍOCHTA:

Más mian leat cur isteach ar an gciste tacaíochta, tabhair briseadh síos ar na costais a bhainfidh leis an Oíche, le do thoil. Ní ghlacfar le costais riaracháin. Is uasmhéid €200 euro a chuirfear ar fáil, ach i gcásanna eisceachtúla.

Táillí Ealaíontóirí (sonraí, le do thoil):

Costais siamsaíochta/gníomhaíochta (sonraí, le do thoil):

Costas an Ionaid (más ionaid nach libhse é, nó ionad nach bhfuil maoinithe cheana ag an Stát/ag an Údarás Áitiúil):

Costais trealaimh (trealamh fuaime/soilsithe srl.):

Costais eile (tabhair sonraí, le do thoil):

Mór lomlán costais:

**Méid maoinithe atá á chuardach:**

Seol chuig [majella@antoireachtas.ie](mailto:majella@antoireachtas.ie) faoi 5pm Dé hAoine 29 Meitheamh 2018. Mura bhfaighidh tú rphost admhála go luath i ndiaidh d'iarratas a chur isteach, déan teagmháil arís ar rphost.